Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/223

12.2.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 234/2025**

**an 24 Deireadh Fómhair 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/223]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1105 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 a mhéid a bhaineann le haicmiú na substainte céataipróifein i ndáil lena huasteorainn iarmhar i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 13 (Rialachán (AE) 37/2010 ón gCoimisiún) de Chaibidil XIII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32025 R 1105**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1105 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2025 (IO L, 2025/1105, 4.6.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1105 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 25 Deireadh Fómhair 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Stefán Haukur JÓHANNESSON

---

([1]) IO L, 2025/1105, 4.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1105/oj.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.